Léiríonn toradh na bliana 2008 go bhfuilimid i dtimpeallacht trádála chrua faoi láthair ach ní rud nua don turasóireacht iad na geiteanna seachtracha. Tá sé feicthe againn cheana féin le linn na ndeich mbliana seo i dtéarmaí thionchar 11 Mheán Fómhair ar chuairteoirí as Meiriceá a chaitheann go leor airgid agus tionchar rialúcháin an ghalar cruíbe is béil nuair a coscadh ar Eorpaigh a bheith ag fánadóireacht nó ag iascaireacht faoin tuath.

Tá táirge fíor-mhaith againn in Éirinn. Ní mar thimpiste a bhaineamar ardchaighdeán an táirge turasóireachta amach in Éirinn. Léiríonn an caighdeán turasóireachta atá againn anois na tionscnaimh agus na forbairtí a tugadh isteach le blianta beaga, lena n-áirítear infheistíocht phoiblí agus phríobháideach shuntasach i dtáirgí turasóireachta.

Tá mé lánchinnte go dtiocfaidh táirge atá chomh láidir le turasóireacht na hÉireann trí na deacrachtaí atá os ár gcomhair faoi láthair. Is é tasc Fáilte Ireland ná oibriú leis an tionscal lena chinntiú, nuair a thosóidh cúrsaí ag feabhsú ar fud an domhain go mbeimidne sa chaoi le buntáiste a bhaint as an mborradh.

Ba mhaith liom béim a chur arís ar an tábhacht a chuireann Fáilte Ireland ar chaidrimh a chruthú lenár gcomhpháirtithe sa tionscal turasóireachta agus le comhlachtaí ionadaíochta an tionscail ach go háirithe, agus muid ag obair linn. Tá a gcuid tacaíochta agus a gcuid oibre go leanúnach luachmhar agus thar a bheith tábhachtach d'fhorbairt na turasóireachta.

Glacaim buíochas le Martin Cullen, T.D., an tAire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, a ghlac lena ról i mBealtaine 2008, as an tacaíocht atá faighte againn uaidh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le comhaltaí Údaráis Fáilte Ireland as an méid ama, an méid fuinnimh agus an méid taithí luachmhar a thugadar d'obair Fáilte Ireland.

Mar fhocal scoir, glacaim buíochas le Shaun Quinn agus a fhoireann as a dtiomantas leanúnach d'fhorbairt thurasóireachta na hÉireann le linn 2008.

Redmond O'Donoghue
Cathaoirleach

Buaicphointí 2008



■ D'fháiltigh Éirinn roimh 7.4 milliún cuairteoir ó thar lear in 2008, laghdú de 4% ar 2007 agus an chéad titim i líon na gcuaireoirí le seacht mbliana anuas. Thit tuillimh an Airgeadraí Eachtrach ó thurasóireacht lasmuigh den Stát de 2% go dtí €4.8 billiún don bhliain.

■ D'ardaigh líon na dturas baile go dtí 8.3 milliún in 2008, ardú de 5% ar 2007, ach, thit caiteachas gaolmhar go dtí €1.55 billiún. D'ardaigh turais saoire baile beagnach 3% go dtí 4.4 milliún turas agus bhí caiteachas ar chomhleibhéal le 2007 ag €1 billiún.

■ Faoin bPlean Forbartha Náisiúnta, tá €137 milliún leagtha amach ag Fáilte Ireland chun tacú go sonrach le hinfheistiúocht chaipitil trí raon beart nua. Rinneadh dul chun cinn leanúnach i rith 2008 chun Straitéis Forbartha Táirgí Fáilte Ireland a chur i bhfeidhm agus €24.6 milliún sa bhreis ceadaithe le haghaidh deontas. Áirítear san fhigiúr sin clár náisiúnta ar léirmhíniú agus ar chomharthaí bealaí siúil do na Bailte Stairiúla is mó a bhíonn i mbéal an phobail sa tír. Rinneadh é sin a rolláil amach, agus deontais de €2.1 milliún ceadaithe don chéad 35 baile. Ba é an chéad deontas a fógraíodh faoinár gCoistí Gníomhaíochtaí agus Taitneamhachtaí ná deontas le haghaidh athfhorbairt mhór ar an taitneamhacht stairiúil atá ag tarraingt na gcuaireoirí Dublinia, agus fógraíodh ceadú do mhaoiniú de bhreis is €1.25 milliún lena haghaidh i Samhain 2008.

■ Chabhraigh ár dtacaíochtaí gnó díreacha le níos mó gnóthaí ná riamh sa bhliain 2008. Chabhraigh ár dtionscnamh ríomh-ghnó le níos mó ná 500 fiontar beag agus meánfhiontar chun feabhas a chur ar a gcuid scileanna ar líne, tháinig níos mó ná 560 rannpháirtí le chéile ag ócáidí foghlamtha de chuid ár Líonraí Foghlamtha Turasóireachta ar fud na tíre agus chuir ár Seirbhís Forbartha Ghairmiúil deis

ar fáil do níos mó ná 1,000 bainisteoir sinsearach oiliúint a fháil i príomhréimsí scileanna agus cáilíochtaí creidiúnaithe go gairmiúil ó institiúidí éagsula.

■ Thacaigh ár dTionscnamh Turasóireachta Spóirt Idirnáisiúnta le naoi n-ócáid i rith na bliana. Sa bhliain 2008, bhí cuairt de chuid an Rása Volvo mór le rá faighte do Ghailimh i 2009.

■ Leithroinneadh €3.5 milliún ar 66 féile i rith na bliana agus leithroinneadh €800,000 sa bhreis ar 180 féile bheag ag ár n-oifigí réigiúnacha. Leithroinneadh €1.3 milliún ar Fhéile Lá le Pádraig i mBaile Átha Cliath agus tugadh breis is €90,000 d'Fhéile Ceoldráma Loch Garman, féilte lenar bhain gnóthú eacnamaíochta measta de bhreis is €100 milliún eatarthu.

■ Meitheal 2008 – an Cheardlann Trádála Taistil bhliantúil – arna reachtáil in Óstán Citywest, Co. Bhaile Átha Cliath agus d'fhreastail 237 ceannaitheoir ó thar lear agus 270 soláthróir as Éirinn ar an ócáid. Tugann an ócáid deis bhreá do Thionscal Turasóireachta na hÉireann bualadh le príomhthionscnóirí turas ó thar lear agus gnó a dhéanamh leo.

■ Ba é 'Turasóireacht Cultúir – Sócmhainn, Deis' an téama do chomhdháil náisiúnta de chuid Fáilte Ireland i mí na Samhna. Bhreithnigh an Chomhdháil, agus iad dírithe ar an ról suntasach a bhíonn ag cultúr sa turasóireacht, ar cé chomh maith agus a úsáideadh ár sócmhainní cultúir san am atá caite agus cad iad na buntáistí a d'fhéadfaí a bhaint astu amach anseo. Beidh borradh, fás agus forbairt ar ár gcultúr agus ar ár n-oidhreacht laistigh de thionscal na turasóireachta mar fhócas leanúnach ag Fáilte Ireland.





Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

FEIDHMÍOCHT TURASÓIREACHTA

Tháinig meath ar thionscal na turasóireachta i 2008 don chéad uair le seacht mbliana – taifeadadh meath i ngníomhaíochtaí turasóirí i margaí an bhaile agus i margaí ó thar lear araon. Measadh gurbh é líon na gcuariteoirí ó thar lear ná 7.4 million don bhliain - 4% níos lú ná i 2007. Bhí laghdú 2% ar thuillimh don turasóireacht ó mhalartú coigríche i 2008 go dtí iomlán de €4.8 billiún don tréimhse 12mí.

Laistigh den treocht titime fhoriomlán, ní raibh ach meath measartha ar líon na gcuariteoirí ó mhórtáir na hEorpa agus go deimhin d'ardaigh roinnt margaí, le hardú i margadh na Fraince agus i margadh na Gearmáine, go háirithe. É sin ráite, tháinig laghdú suntasach 5% ó 2007 ar an líon cuariteoirí ón mBreatain, agus bhí meath 11% i margadh Mheiriceá Thuaidh. D'fhás margaí cianaistir eile (beagnach 9%) ach ar bhonn beag.

Cé go raibh laghdú ar líon na gcuariteoirí ó thar lear, d'ardaigh líon na dturas baile i 2008 de 5% go dtí 8.3 milliún turas, ach bhí titim bheag sa chaiteachas baile de 0.3% go dtí €1.5 billiún. D'ardaigh turais saoire baile beagnach 3% go dtí 4.4 milliún ag cruthú ioncam de €1 billiún.

In ainneoin an mheatha sin, déanann Éire go breá ó thaobh na ndaoine a thagann ar cuairt agus d'fhan na leibhéil sástachta ard i 2008. Cheap 94% de lucht saoire gur sháraigh saoire in Éirinn an méid a raibh súil acu leis nó go raibh an chuire mar a cheap siad a bheadh sí agus dúirt 98% go molfadh siad saoire in Éirinn dá muintir agus dá gcairde.

Aithnítear áfach, go mbeidh an timpeallacht gheilleagrach ina bhfeidhmíonn an tionscal turasóireachta níos cruá sa ghearrthéarma nó sa mheán-téarma. Tá roinnt imthosca ar nós rátaí malartaithe agus na deacrachtaí geilleagracha a bhaineann lenár margaí foinse nach bhfuil aon tionchar ag an tionscal orthu; ach beidh tionchar suntasach acu ar ár bhfeidhmíocht fhoriomlán sa ghearrthéarma nó sa mheán-

téarma. Tá imthosca eile, a bhaineann le forbairt táirgí, le caighdeán cháilíochta, le cumas bainistíochta, le forbairt scileanna, le táirgiúlacht gnó agus le margaíocht, a thagann go maith faoi thionchar fiontair thurasóireachta agus is réimsí iad a bhfuil cuid mhaith deis fós iontu ó thaobh feabhas a chur ar fheidhmíocht gnó. Bhí ár bpleananna oibre in 2008 ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal réigiúnach dírithe ar na saincheisteanna sin agus d'éirigh go maith leo.

TACAÍOCHTAÍ GNÓ PRAITICIÚLA, SCILEANNA AGUS COMHAIRLE A SHOLÁTHAR

I rith 2008, de réir mar a d'éirigh an comhshaol geilleagrach ní ba dhúshlánaí, bhí níos mó agus níos mó tábhachta le comhairle agus tacaíocht ó Fáilte Ireland do fhiontair turasóireachta.

Sheolamar duais-tionscnamh ríomh-Ghnó chun chabhrú le breis is 500 fiontar beag agus meánfiontar le feabhas a chur ar a gcuid scileanna ríomh-ghnó agus feabhas a chur ar a láithreacht gréasáin. Bhuaigh an tionscnamh sin duais na catagóire "Fáilteachais, Taisteal agus Áineas" ag na Inspired IT 2008 Awards.

I rith na bliana, ghlac breis is 560 úinéir/bainisteoir ó raon leathan fiontar turasóireachta páirt i dtionscnamh Líonra Foghlamtha Turasóireachta na bliana seo. Bhí breis is 1,000 ócáid aonair ar siúl ar fud na tíre, le tacaíocht ó bhreis is 400 seisiúin oiliúna gnó do rannpháirtithe.

I 2008, d'fhorbair ár Seirbhísí Tacaíochta Bainistíochta agus Fiontair Uirlis CD luachmhar ar Chostasú Bia agus dáileadh é ar bhreis is 3,000 teach tábhairne agus bialann ar fud an tionscail turasóireachta.

Chuir Seirbhís Forbartha Gairmiúla Fáilte Ireland deis ar fáil do bhreis is 1,000 bainisteoir sinsearach oiliúint a fháil i bpríomhréimsí scileanna agus cáilíochtaí creidiúnaithe go gairmiúil ó hinstiúidí éagsúla – lena n-áirítear Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, CIPD agus Instiúid Bainistíochta na hÉireann. Bhain bainisteoirí céim amach i





gcláir ar nós an Clár Scileanna Bainistíochta, Teastas sa Mhargáíocht, Scileanna Bainistíochta Maoirseachta agus Teicníochtaí Oiliúna.

I 2008, sheolamar Ceardlanna Airgeadais Gnó nua chomh maith a thairgíonn réitigh riachtanacha, praiticiúla agus éasca le cur i bhfeidhm atá bunaithe ar fhíorchásanna sa saol agus atá dírithe ar chabhair a thabhairt do ghnóthaí turasóireachta i gcomhshaol gilleagrach a bheidh ag éirí níos dúshlánaí. Phléigh na ceardlanna le roinnt ábhar lena n-áirítear pleanáil brabúis, cinntí praghais agus bainistíocht costais.

Sheolamar an chéad Ghréasán Acmhainní Daonna tiomanta riamh in Éirinn do bhainisteoirí agus lucht gairmiúil AD fáilteachais agus turasóireachta.

Soláthraíonn an gréasán fóram ina féidir le daoine saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a phlé, agus ina féidir leo éisteacht le tuairimí agus taithí na saineolaithe ar bhainistíocht AD agus ar na cleachtais is fearr i dtionscail agus i dtíortha eile.

Bhain tríocha bainisteoir sinsearach céim amach sa Bhealtaine ón gceathrú Clár Forbartha Bainistíochta Feidhmí ó Fáilte Ireland i gcomhar le Cornell University. Dírionn an clár solúbtha seo, atá deartha le haghaidh bainisteoirí feidhmiúcháin gnóthacha, ar na céimeanna atá riachtanach don bhainisteoir chun sciarmhargadh a chruthú agus a choinneáil – go háirithe sa timpeallacht gilleagrach reatha seo. Seoladh an cúigiú clár i Meán Fómhair agus clúdaíonn sé croí-réimsí lena n-áirítear straitéis bainistíochta, feidhmiú margáíochta, airgeadas agus bainistíocht AD.

Agus sa deireadh seoladh Clár Treoraí Turasóireachta Bunleibhéil i 2008 chun aghaidh a thabhairt ar an nganntan treoraithe in Éirinn a bhfuil scileanna teangacha iasachta acu. Chruthaigh Fáilte Ireland, ag obair i gcomhar le Cumann Thionscnóirí Turas na hÉireann (ITOA), an clár atá dírithe ar dhaoine a labhraíonn Béarla go líofa agus a bhfuil roinnt teangacha iasachta eile acu lena n-áirítear an Fhraincís, an Ghearmáinis, an Iodáilis agus an Spáinnis agus

chuir siad i bhfeidhm é.

SEIRBHÍSÍ AGUS TÁIRGÍ TURASÓIREACHTA

Deineadh dul chun cinn leanúnach i rith 2008 chun Straitéis Forbartha Táirgí Fáilte Ireland a chur i bhfeidhm – go príomha trí Chlár Infheistíochta Caipitil Turasóireachta de chuid an Phlean Forbartha Náisiúnta.

Cheadaigh Fáilte Ireland €24.6 milliún sa bhreis mar dheontais i 2008, i ndiaidh an méid a cheadaíodh in 2007. Áirítear san fhigiúr sin clár náisiúnta ar léirmhíniú agus ar chomharthaí bealaí siúil le haghaidh na 100 mBaile Stairiúil sa tíre is mó a bhíonn i mbéal an phobail agus cheadaíodh deontais de €2.1 milliún do 35 baile. Is é an aidhm atá leis sin ná go mbeadh sé níos éasca do chuairteoirí rochtain a fháil ar na taitneamhachtaí agus na láithreáin oidhreachtacha sna bailte sin trí chóras soiléir conairí coisithe a bheith bunaithe

Chomh maith leis an gCiste Infrastruchtúir, eisíodh glao náisiúnta ar thograí faoi na Cistí Gníomhaíochtaí agus Taitneamhachtaí, agus glacadh le breis is 130 togra faoin spriocdátá. Ba é an chéad deontas a fógraíodh faoin gCiste seo ná deontas le haghaidh athfhorbairt mhór ar an taitneamhacht stairiúil do chuairteoirí - Dublinia, agus fógraíodh ceadú de mhaoiniú de thart ar €1.25 milliún lena aghaidh i Samhain 2008. B'ionann méid na ndeontas iomlán a cheadaíodh agus €12.5 milliún tar éis na gceaduithe breise.

Seoladh Scéim Infheistíochta Infrastruchtúir Turasóireachta Bhealach Lár na Sionnaine i Meitheamh 2008, chun forbairt seirbhísí agus taitneamhachtaí turasóireachta a spreagadh. Soláthraíonn an Scéim seo deis chun tabhairt faoi infheistíochtaí caipitil turasóireachta sonraithe a bhainfeadh tairbhe as liúntais chaipitil luathaithe.

Chomh maith leis na tionscnaimh a chuirimid i gcrích go díreach, bhíomar gafa, ar bhealach gníomhach, le gníomhaireachtaí na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta i rith 2008 agus muid ag iarraidh tionchar €45.4 milliún a leithroinneadh le haghaidh turasóireachta faoi na





Cláir Forbartha Tuaithe agus Leader a uasmhéadú. Soláthraíodh seirbhísí comhairle go fairsing le linn na bliana do bhreis is 200 infheisteoir turasóireachta féideartha.

Agus lárionad comhdhálacha náisiúnta ar tí a oscailte, tá turasóireacht gnó ag éirí níos suntasaí agus níos suntasaí mar fhoinsé do ghníomhaíocht turasóireachta. Thacaíomar le tuairim is 100 comhdháil idirnáisiúnta i 2008. Tháinig breis is 29,000 toscaire ó thar lear go hÉirinn chuig na comhdhálacha sin agus rinneadh fáltas ioncaim de bheagnach €36 milliún do gheilleagar na tíre.

Aithníodh dhá chéad caoga ambasadóir comhdhála a d'fhéadfadh a bheith ann – chun íomhá na hÉireann mar ionad gnó a chur chun cinn thar lear agus cuireadh beagnach 20 ambasadóir comhdhála in aithne d'eagraithe comhdhálacha gairmiúla. I dtéarmaí ócáidí gnó reatha á chur chun cinn ag na ambasadóirí nua sin, d'fhéadfadh 12,000 toscaire agus €16.5 milliún in ioncam teacht as.

Lean Fáilte Ireland ag forbairt rudaí éagsúla le déanamh agus le feiceáil ar fud na hÉireann agus á gcur chun cinn. Áirítear siúlóid air sin, ní a bhfuil níos mó agus níos mó tóir air. Faoi dheireadh na bliana 2008, bhí iomlán de 83 ceann conair agus 120 siúlóid ar ais forbartha. Críochnaíodh daichead a dó ceann conair agus 61 siúlóid ar ais i 2008 aisti féin. Eagraíodh an chéad National Trails Day i Meán Fómhair, agus bhí roinnt siúlóidí ar ais forbartha ag Fáilte Ireland mar lárphointe do na hócáidí.

D'éirigh go maith le féilte i rith 2008. Leithroinneadh €3.5 milliún ar 66 féile i rith na bliana agus leithroinneadh €800,000 sa bhreis ar 180 féile bheag ónár n-oifigí réigiúnacha. Leithroinneadh €1.3 milliún ar Fhéile Lá le Pádraig i mBaile Átha Cliath agus tugadh breis is €90,000 d'Fhéile Ceoldráma Loch Garman, féilte a raibh tairbhe geilleagrach de bhreis is €100 milliún eatarthu ag baint leo.

Cothaíonn spórt an turasóireacht go láidir fós agus i 2008, le buiséad de bheagnach €9 milliún, aithníodh naoi n-ócáid spóirt shuntasacha agus thacaigh ár dTionscnamh Turasóireachta Spóirt Idirnáisiúnta leo. Buaicphointe spóirt

eile a bhí i gcualairt Rása Volvo cáiliúil goGaillimh i 2009. Mar chuid dá urraíocht ar an ócáid, chuir Fáilte Ireland infheistíocht shuntasach in iontráil amháin sa rás, an Green Dragon. Mar fhocal scoir, in aitheantas do na dúshláin atá os comhair na hearnála gailf, dúshláin a bheidh ag méadú, chuireamar fóram náisiúnta gailf ar bun i gcomhpháirtíocht le tionscnóirí chun bealach straitéise a chruthú chun an tionscal a bhogadh ar aghaidh.

Glacadh leis an gcur chuige céanna laistigh den earnáil lóistín agus bunaíodh an Grúpa Oibre Leaba is Bricfeasta i dTithe na hÉireann i Meitheamh. D'fhorbair an grúpa plean gníomhaíochta chun tacú le fás agus le forbairt na hearnála B&B agus an comhshaol iomaíochta agus riachtanais na dtomhaltóirí agus na dtionscnóirí á dtógáil san áireamh acu. Ritheadh roinnt ceardlann agus uirlisí ar bhonn píolótach i 2008 chun tacú le tionscnóirí B&B agus tithe aíochta le feabhas a chur ar riar bia baile in Éirinn chun tuilleadh custaiméirí a mhealladh agus chun cur le gnó agus brabúsacht. Áiríodh orthu sin ceardlanna agus taispeántais chócaireachta, uirlisí chun costais bia a bhainistiú agus chun tacú le pleanáil biachlár agus acmhainní chun plé le sláinte agus le sábháilteacht. Mar fhocal scoir, thacaigh Clár Tacaíochta Fiontair Bheaga agus Mheánfiontair Fáilteachais le 10 gcomhlacht ionadaíochta agus le grúpa margaíochta do chatagóirí cóiríochta beag i 2008. Thacaigh infheistíocht de bhreis is €350,000 le príomhghníomhaíochtaí agus príomhghníomhartha, lena n-áirítear raon leathan de ghníomhaíochtaí margaíochtaí agus cothaithe, forbairt ríomhghnó, tairscintí táirgí nua agus tacaíocht le haghaidh taighde agus forbairt straitéiseach.

CÁILÍOCHT AGUS CAIGHDEÁIN

I 2008 deindeadh athbhreithniú ar ár gcur chuige maidir le hiniúchtaí ar tháirgí turasóireachta. Rinneadh athruithe ar an gcur chuige, ar na critéir agus ar an modh oibre chun go mbeadh siad ina dtairbhe don tionscnóir agus don chustaiméir araon.

Forbraíodh córas ceadaithe iniúchta agus athnuachana nua





le haghaidh tionscnóirí féinfreastail aonair agus cuireadh i bhfeidhm é. Forbraíodh córas nua chomh maith le haghaidh na n-áitreabh féinfreastail ceadaithe faoin Scéim Ionad Saoire.

Cuireadh córas catagóirithe agus caighdeán nua le haghaidh na hearnála sláinte agus folláine i bhfeidhm i rith na bliana agus deineadh iniúchadh ar iomlán de 100 spá sláinte agus folláine agus deineadh iad a chatagóiriú i rith 2008.

Ghlac iomlán de 180 bunaíocht, óstáin den chuid is mó, páirt sa Chlár Optimus – clár ar cháilíocht na seirbhíse ó Fáilte Ireland – agus bhain siad tairbhe as raon idirghabhálacha forbartha, lena n-áirítear meantóireacht, oiliúint agus ceardlanna caighdeán. Go dtí seo ghlac 2,200 bainisteoir agus foireann turasóireachta agus fáilteachais páirt i sraith tionscnamh sármhaitheasa cáilíochta agus seirbhíse lena n-áirítear ceardlanna forbartha caighdeán. Tugadh onóir do dhaichead a sé bunaíocht turasóireachta ag Duaiseanna Optimus ó Fáilte Ireland a bhí ar siúl i Nollaig.

TAIGHDE AGUS BEARTAS

Le linn 2008, thug Fáilte Ireland faoi chineálacha taighde éagsúla chun réasúnaíocht bunaithe ar fhaisnéis a sholáthar le haghaidh phleanáil tionscnaimh thurasóireachta amach anseo.

Deineadh an Suirbhé Baraméadar Turasóireachta ceithre huaire, ag tomhas tuairimí sa tionscal maidir le feidhmíocht na bliana go dtí seo agus na n-ionchas amach anseo. Deineadh fheidhmíocht na n-óstán agus na n-earnálacha cóiríochta eile a thomhas go leanúnach i rith na bliana. Tugadh faoi phróifiliú ar chuairoteoirí ó thar lear trí shuirbhéanna a dhéanamh ag na príomhaerfoirt agus na príomhchalaí chomh maith le próifiliú leanúnach ar thurasóirí baile trí shuirbhéanna náisiúnta a dhéanamh. Coimisiúnaíodh obair chomh maith chun éifeachtúlacht an fheachtais fógraíochta saoire a rianú.

Rinneadh mórstaidéar ar fhorbairt agus ar mhargáíocht na taithí a bhain le turasóireacht cultúir agus oidhreacht

maidir le daoine a fhanann sa bhaile dá gcuid saoire agus cuairteoirí saoire a d'fhéadfadh a bheith i bpríomh-mhargáí ó thar lear araon. Cuireadh tús le hobair chomh maith chun leibhéal na fostaíochta díri san earnáil turasóireachta agus fáilteachais a thomhas agus coimisiúnaíodh staidéar chun feidhmíocht agus ranníocaíocht gheilleagrach thurasóireacht na hÉireann a thomhas.

Críochnaíodh staidéar a leagadh amach chun cabhrú le forbairt chultúr nuálaíochta i dturasóireacht na hÉireann, staidéar as a tháinig ceardlanna réigiúnacha a léirigh sárchleachtas. Coimisiúnaíodh obair chun an costas ar ullmhú bia agus ar ghníomhaíochtaí seirbhíse sna hearnálacha óstáin agus bialanna a mheas.

Mar fhocal scoir, críochnaíodh staidéar a leagadh amach chun an póitéinseal do shliatiascaireachta, rothaíocht, caithimh aimsire eachaíocht, galf, siúlóid agus sláinte agus folláine a d'fhéadfadh a bheith i sé mhórmhargadh ó thar lear a mheas.

TURASÓIREACHT AGUS AN COMHSHAOIL

I rith na bliana leanamar ag cleachtadh phrionsabail na turasóireachta inbhuanaithe. Ba é an fócas i 2008 ná acmhainní comhshaoil a chothú mar phríomhshócmhainní turasóireachta, feidhmíocht chomhshaoil an tionscail turasóireachta a fheabhsú agus an tionscal a ullmhú le haghaidh athrú aeráide agus na dúshláin a thagann leis.

Cuireadh aighneachtaí isteach maidir le hocht bPlean Forbartha Cathrach agus Contae, 40 iarratas pleanála agus 30 iarratas scóipe Mheasúnú Tionchair Comhshaoil. I ngach ceann de na haighneachtaí sin, chuir Fáilte Ireland cur chuige chun cinn ó thaobh forbairt turasóireachta, cur chuige a oibríonn chun an tsócmhainn a mbraitheann an tionscal uirthi a chosaint.

I 2008, d'fhoilsíomar ár nAthbhreithniú ar Bheartas agus Chleachtas Maith Comhshaoil san Earnáil Turasóireachta, ina raibh 16 cás-staidéar ar chleachtadh maith ó thimpeall na tíre. Bhí moltaí sa tuairisc chun feidhmíocht chomhshaoil an





tionscail turasóireachta a fheabhsú.

Chríochnaíomar *'Facing the Challenges of Climate Change- Fáilte Ireland's Carbon Strategy'*. Tá seacht ngníomh sonraithe sa Stratéis atá leagtha amach chun cabhrú leis an tionscal turasóireachta glacadh leis na hathruithe a bheidh riachtanach le dul in oiriúint d'athrú aeráide. Áirítear ar na foilseacháin eile ón mbliain suirbhéanna ar bhruscar, ar chaighdeán uisce agus ar fheirmeacha gaoithe. Mar fhocal scoir, d'fhoilsíomar A Guide to Signposting for the Tourism Trade agus leanamar leis an teagmháil leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta maidir lena chlár feabhsaithe comharthaí bóthair náisiúnta, a mhairfidh sé bliana agus a chosnóidh €60 milliún.

MARGAÍOCHT AGUS CUR CHUN CINN

Tugadh faoi fheachtas fógraíochta ilmheáin de chuid Discover Ireland, agus é dírithe ar na nuachtáin náisiúnta agus réigiúnacha, ar an raidió agus ar an teilifís i rith 2008. D'aimsigh an feachtas teilifíse, a bhí ar siúl go dtí deireadh Iúil, 95% den sprioclucht féachana. D'éirigh chomh maith céanna leis an bhfeachtas raidió agus leis an bhfeachtas nuachtán i dtéarmaí aimsiú an sprioclucht féachana.

Cuireadh dianfheachtas ar bun a chuir béim ar fhéilte agus ar ócáidí agus deineadh fógraíocht réigiúnach chomh maith. Léiríonn taighde rianaithe fógraí baile feidhmíocht láidir agus léiríodh go raibh an feachtas faoi Discover Ireland ard.

Rinneadh athdhearadh ar ár mbróisiúr Discover Ireland chun íomhá níos comhaimseartha de shaoire baile a chur i láthair.

Tugadh faoi fheachtas cuimsitheach ó theach go teach go breis is 600,000 teach ar fud na tíre agus dáileadh 300,000 cóip trí oifigí turasóireachta.

Tháinig thart ar 1,050 iriseoir ar cuairt go hÉirinn i 2008 ar 510 turas meáin as ár margaí ó thar lear. Orthu sin bhí iriseoirí teilifíse, raidió, nuachtán, irisleabhar agus ó mheáin ar líne. Bhí breis is 3,450 móralt agus mórchráladh mar thoradh ar na turasanna sin agus Luach Fógraíochta Measta (EAV) de bhreis is €63 milliún orthu agus aimsíodh lucht féachana de 1.2 billiún.

Tháinig ocht gcéad tríocha tionscnóir turas/gníomhaire taistil ó thar lear ar cuairt go hÉirinn ar 55 turas eolais ó an-chuid dár margaí thar lear – ó na S.A. go Aontas na nÉimíróchtaí Arabacha agus ó Ceanada go dtí an tSín. Sa Bhealtaine, cuireadh ár gCeardlann bhliantúil (Meitheal) ar siúl in Óstán Citywest, Co. Bhaile Átha Cliath agus bhí 237 ceannaitheoir ó thar lear agus 270 soláthróir as Éirinn i láthair.

Shaun Quinn
Príomhfheidhmeannach



Ráiteas Corparáideach

Rialú Corparáideach

Tacaíonn Fáilte Ireland leis na caighdeáin is airde ó thaobh rialú corparáideach agus cleachtann sé iad agus cloítear go sonrach le prionsabail agus treoirlínte infheidhmithe atá sainmhínithe sa Chód Cleachtais do Rialú Comhlachtaí Stáit.

Acmhainní Daonna

Amhail an 31 December 2008, b'ionann an líon foirne údaráithe a bhí ag Fáilte Ireland agus 389.19 comhionann lánaimseartha.

Comhionannas


Is fostóir comhionannas deiseanna é Fáilte Ireland. Feidhmítear gach reachtaíocht chomhionannais chuí san eagraíocht

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas

Cosnaíodh folláine fostaithe agus oiliúnaithe na heagraíochta trí chloí go daingean le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta. Tá an tÚdarás sásta go gcomhlíonann an chuideachta forálacha an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989 agus a athsholáthar – an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Saoráil Faisnéise

Sa tréimhse atá faoi athbhreithniú, fuair Fáilte Ireland 11 iarratas faoin reachtaíocht Saoráil Faisnéise.



Comhaltaí an Údaráis 2008



Redmond O'Donoghue
Cathaoirleach



Maureen Cairnduff



Dominic Dillane



Brian Dowling



John McDonnell



Noel McGinley



Richard Bourke

Struchtúr Rannach

Shaun Quinn
Príomhfheidhmeannach

Deirdre O'Keeffe
Seirbhísí Tacaíochta
Corparáide

Barry O'Reilly
Seirbhísí Láir

John Concannon
Forbairt Réigiúnach

Donal Guilfoyle
Seirbhísí Margaíochta
Láir

Aidan Pender
Forbairt Beartais
& Tionscail

Kevin Moriarty
Tacaíocht
Margaíochta
& Fiontair

Paul Keeley
Forbairt Táirge
& Margadh

Ciaran Tuite
Forbairt Táirge

Tinreamh na gComhaltaí ar Chruinnithe Údaráis 2008

Ocht gcrúinniú a thionóíl an tÚdarás i rith 2008.

Comhalta	Iomlán	Comhalta	Iomlán
Redmond O'Donoghue**	4	Noel McGinley	8
Gillian Bowler *	4	John McDonnell	7
Richard Bourke	6	Pádraig Ó Céidigh	6
Maureen Cairnduff	8	Patrick O'Donoghue	6
Dominic Dillane	6	Páidí Ó Sé	6
Brian Dowling	7	Catherine Reilly	7
Brian Hughes	7	Eithne Scott-Lennon	6

*Tháinig tréimhse oifige Gillian Bowler mar Chathaoirleach ar an Údarás chun críche ar 27 Bealtaine 2008

** Ceapadh Redmond O'Donoghue mar Chathaoirleach an Údaráis i Meitheamh 2008



Brian Hughes



Pádraig Ó Céidigh



Patrick O'Donoghue



Páidí Ó Sé



Catherine Reilly



Eithne Scott-Lennon

Denis Kelly
Forbairt Acmhainní
Daonna

Deborah Nolan
Bainistíocht
Airgeadais & Riosca

Alex Connolly
Cumarsáid

Joe Palmer
Thoir Theas

Fiona Buckley
Thiar Theas

Kevin Kidney
Thoir & Lár na Tíre

Paul McLoone
Thiar Thuaidh

Fiona Monaghan
Thiar

John Mulcahy
Forbairt Oideachais
& Scileanna

Tony Lenehan
Caighdeán &
Cáilíocht Tionscail

Brian Maher
Taighde, Beartas &
Pleanáil Straitéiseach

Orla Carroll
Turasóireacht
Fóillíochta

Keith McCormack
Turasóireacht
Fóillíochta



Fáilte Ireland
National Tourism Development Authority

LÍON TURASÓIRÍ AGUS IONCAM

		2004	2005	2006	2007	2008
An Bhreatain	Líon (000s)	3,526	3,640	3,821	3,776	3,579
	Ioncam (€mn)	1,276.1	1,274.2	1,372.4	1,387.3	1,348.5
Mór-Roinn na hEorpa	Líon (000s)	1,582	1,903	2,252	2,577	2,561
	Ioncam (€mn)	930.4	1,238.6	1,354.5	1,404.7	1,517.0
An Ghearmáin	Líon (000s)	298	402	417	436	456
	Ioncam (€mn)	177.4	237.7	244.6	234.5	287.8
An Fhrainc	Líon (000s)	297	310	360	394	412
	Ioncam (€mn)	158.3	176.3	199.1	200.3	253.5
An Iodáil	Líon (000s)	186	190	248	265	232
	Ioncam (€mn)	119.0	124.3	149.4	168.9	157.1
An Ísiltír	Líon (000s)	151	157	155	155	151
	Ioncam (€mn)	69.4	80.4	70.8	71.6	68.3
Tíortha Eile san Eoraip	Líon (000s)	650	844	1,073	1,327	1,310
	Ioncam (€mn)	406.3	619.9	690.6	729.4	750.4
Meirceá Thuaidh	Líon (000s)	956	937	1,034	1,071	953
	Ioncam (€mn)	772.1	738.2	815.1	823.3	667.7
Tíortha Eile Thar Lear	Líon (000s)	319	284	310	316	343
	Ioncam (€mn)	256.3	235.9	267.1	329.3	315.8
IOMLÁN THAR LEAR	Líon (000s)	6,384	6,763	7,417	7,739	7,435
	Ioncam (€mn)	3,234.9	3,486.9	3,809.0	3,944.6	3,849.0
Tuaisceart Éireann	Líon (000s)	569	570	582	593	591
	Ioncam (€mn)	174.1	178.8	189.8	202.8	210.5
Iomlán Lasmuigh den Stát	Líon (000s)	6,953	7,333	7,999	8,332	8,026
	Ioncam (€mn)	3,409.0	3,665.7	3,998.8	4,147.4	4,059.5
Cuairteanna Aon Lae Thar Lear	Ioncam (€mn)	22.0	23.3	30.3	28.6	35.5
	Fáltais Iompróirí (€mn)	634.0	583.0	663.0	726.0	686.0
IONCAM TURASÓIREACHTA IOMLÁN						
	(€mn)	4,065.0	4,272.0	4,692.0	4,902.0	4,781.0
Turais Baile	Líon (000s)	7,001	7,173	7,310	7,942	8,339
	Ioncam (€mn)	1,037.2	1,164.5	1,375.2	1,551.0	1,546.0
TOTAL TOURISM IONCAM ENUE						
	(€mn)	5,102.2	5,436.5	6,067.2	6,453.0	6,327.0

Foinse: CSO/Fáilte Ireland/NITB

Aibreán 2009

Gníomhaíocht Oiliúna 2008 agus 2007

	2008	2007
Cláir Scileanna Fáilte Ireland	3,970	2,235
Cláir Choláiste-Bhunaidh	2,175	2,087
Cláir Thionscail-Bhunaidh	6,500	5,705
Mór iomlán	12,645	10,027





Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2008



Ráiteas Freagrachtaí an Údaráis

Éilíonn Alt 27 den Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003 ar an Údarás ráitis airgeadais a ullmhú ar bhealach a cheadóidh an tAire le toiliú an Aire Airgeadais. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, éilítear ar an Údarás:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú ar bhonn seasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh a bhíonn réasúnach agus ciallmhar;
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh Fáilte Ireland ag feidhmiú;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag aon tráth staid airgeadais an Údaráis agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 27 den Acht. Tá an tÚdarás freagrach chomh maith as sócmhainní Fáilte Ireland a chosaint agus as céimeanna réasúnacha a ghlacadh le cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí agus iad a aimsiú.



Redmond O'Donoghue
Chairman



Brian Dowling
Authority Member



Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le cur i láthair Thithe an Oireachtais

An tÚDARÁS NÁISIÚNTA FORBARTHA TURASÓIREACHTA
Grúpchuntais

Tá ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2008 iniúchta agam faoin Acht um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta de na Beartais Chuntasaíochta, Cuntas Ioncaim agus Caiteachais an Ghrúpa, Ráiteas Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta Iomlán an Ghrúpa, Clár Comhardaithe an Ghrúpa, Clár Comhardaithe an Údaráis, Ráiteas ar Shreabhadh Airgid an Ghrúpa agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí Chomhaltaí an Údaráis agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an tÚdarás freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an Achta um Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta 2003, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an tÚdarás na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Údaráis leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí an Údaráis.

Is é m'fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fóircheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuntais chuí coinnithe. Lena chois sin, deirim cibé an dtugann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nach leanann na hidirbhearta do na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe ar fad faighte agam agus atá riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an tÚdarás an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas mithreorach nó nach dtugann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach priacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le

héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le priacail agus rialú.

Léim faisnéis eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil, agus breithním cibé an dtugann sé leis na ráitis airgeadais iniúchta. Breithním na himpleachtaí do mo thuarascáil má thagaim ar an eolas faoi aon rud atá, de réir cosúlachta, ina mhíríteas nó ina neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais.

An Bunús atá le mo Thuairim ar na Ráitis

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúcháireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an n-oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Údaráis, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhríaltacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fóircheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí an Ghrúpa agus an Údaráis ag 31 Nollaig 2008 agus ar ioncam agus ar chaiteachas an Ghrúpa don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Údarás Náisiúnta Forbartha Turasóireachta. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

John Buckley
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste - Meitheamh 2009

Ráiteas Faoin gCóras Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Thar ceann an Údaráis aithním ár bhfreagracht a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas rialaithe airgeadais inmheánaigh éifeachtach. Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnach, agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraitear idirbhearta agus go dtaifeadaítear i gceart iad, agus go seachnaítear earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí nó go n-aimsítear iad laistigh de thréimhse tráthúil.

Tá céimeanna glactha ag an Údarás lena chinntiú go mbeidh timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm trí:

- fhreagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú le teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus lena chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí.

Glacadh le próiseas foirmiúil chun riosca gnó a aithint, a mheas, a mhaolú agus a bhainistiú agus áirítear leis:

- rioscaí a aithint agus cineál rioscaí
- dóchúlacht tarlaithe
- na himpleachtaí airgeadais nó eile
- na fachtóirí maolaithe
- pleananna chun na rioscaí aitheanta a bhainistiú
- monatóireacht agus tuairisciú ar an bpróiseas

Tá an córas rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar chreat oibre eolais bainistíochta rialta, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear dualgais a roinnt, agus ar chóras toscaireachta agus cuntasáíochta. Áirítear leis go háirithe:

- Pleananna straitéiseacha agus buiséid bhliantúla ceadaithe ag an Údarás.
- Tuarascálacha buiséid ardleibhéil a dhéanann athbhreithniú ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid a dhéanann an tÚdarás athbhreithniú orthu ag gach cruinniú.

- Coiste Beartais Airgeadais ar a bhfuil an Príomhfheidhmeannach agus Stiúrthóirí chomh maith leis an gCeann Airgeadais, a thagann le chéile go míosúil le hiniúcadh a dhéanamh ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid agus ar shaincheisteanna airgeadais a mbíonn tionchar acu ar an eagraíocht.

- Feidhm Iniúchta Inmheánaigh a dhéanann monatóireacht ar chomhlíonadh beartas agus nósanna imeachta agus éifeachtúlacht rialaithe inmheánacha laistigh den eagraíocht. Déanann an tIniúcháir Inmheánach tuairisciú chuig Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Bainistiú Riosca.

- Feidhmiúcháin Bhainistiú Riosca feidhmithe a dhéanann monatóireacht ar dhul chun cinn na heagraíochta maidir le riosca aitheanta sa Chlár Riosca agus a thuairiscíonn chuig an bhfeidhmeannas

- Coiste Iniúchta agus Bainistiú Riosca ar a bhfuil triúr stiúrthóirí neamh-fheidhmiúcháin agus a thagann le céile thart ar cheithre uaire sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha an Iniúcháir Inmheánaigh agus ar an gClár Riosca, agus a thuairiscíonn chuig an Údarás.

Chuidigh obair an Iniúcháir Inmheánaigh leis an monatóireacht agus leis an athbhreithniú a rinne an tÚdarás ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh, chomh maith le hobair an Choiste Iniúchta a dhéanann maoirseacht ar obair an Iniúcháir Inmheánaigh, agus ar obair na mbainisteoirí feidhmiúcháin laistigh de Fáilte Ireland atá freagrach as an gcreat oibre rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a choimeád.

Deimhním, maidir leis an bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2008, go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh.



Redmond O'Donoghue
Cathaoirleach

Beartais Chuntasaíochta

Seo a leanas na beartais chuntasaíochta suntasacha ar glacadh leo sna ráitis airgeadais:-

COMHGHNÁS CUNTASAÍOCHTA

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn fabhráithe faoin gcomhghnás costais stairiúil - seachas Deontais Oireachtais - agus de réir phrionsabail chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo. Glactar le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá molta ag na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar is infheidhme dóibh.

Tá na ráitis airgeadais chomhdhlúite chomhdhéanta de ráitis airgeadais an Údaráis Náisiúnta Forbartha Turasóireachta agus a fhochuideachta Eagraíocht Turasóireacht Réigiúnach Bhaile Átha Cliath Teo déanta go dtí críocha tréimhsí a leanann ar a chéile.

DEONTAIS OIREACHTAIS

Is léiriú iad na deontais sa Chuntas loncaim agus Caiteachais ar na suimeanna a fuarthas i leith an tréimhse sin.

DEONTAIS INÍOCHTA

Aithnítear caiteachas deontais sa tréimhse ina ndéanann an faighteoir an ghníomhaíocht deontais a chruthaíonn teidlíocht don tacaíocht deontais agus a chomhlíonann coinníollacha sonraithe an deontais.

AIRGEADRA COIGRÍCHE

Déantar idirbhearta a ainmnítear in airgeadra coigríche a thiontú ina euro ag ráta caighdeánach comhaontaithe don bhliain.

Déantar gnóthachain agus cailteanais malartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i rith na bliana a chur san áireamh sa Chuntas loncaim agus Caiteachais don bhliain. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgid a bhíonn ainmnithe in airgeadra coigríche a thiontú ina euro ag rátaí malartaithe a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an Chláir Chomhardaithe agus áirítear gnóthachain agus cailteanais a eascraíonn dá bharr i gCuntas loncaim agus Caiteachais na bliana.

SÓCMHAINNÍ SEASTA INLÁIMHSITHE AGUS DÍMHEAS

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas lúide dímhéas carntha. Ríomhtar dímhéas, gearrtha ar an gCuntas loncaim agus Caiteachais, chun costas sócmhainní seasta thar a saol úsáideach measta a dhíscríobh ag na rátaí bliantúla atá leagtha amach thíos:

Talamh	0%	
Áitribh	2%	Dhíraech Líne
Trealamh Ríomhaireachta	33⅓%	Dhíraech Líne
Troscán agus Fearais	20%	Dhíraech Líne
Trealamh Oiliúna	20%	Dhíraech Líne
Mótarfheithiclí	20%	Dhíraech Líne

SÓCMHAINNÍ INFHEISTÍOCHTA

Bíonn sócmhainní infheistíochta comhdhéanta de thalamh agus d'fhoirgnimh le luach taitneamhachta amháin agus luaitear ag costas stairiúil iad.

SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

Áirítear gach sócmhainn airgeadais ag luach ainmniúil.

LÉASANNA OIBRÍOCHTA

Déileáiltear le híocaíochtaí cíosanna faoi léasanna oibríochta sa Chuntas loncaim agus Caiteachais mar a thabhaítear iad.

CUNTAS CAIPITIL

Is ionann an Cuntas Caipitil agus an luach ioncaim neamhamúchta a úsáidtear chun críocha caipitil. Déantar aistrithe idir cúlchistí ioncaim agus cúlchistí caipitil go bliantúil le léiriú gurb ionann maoiniú caipitil na heagraíochta, lena n-áirítear léasanna airgeadais, agus an glan-luach leabhair den sócmhainní seasta inláimhsí

Beartais Chuntasaíochta

Ar Lean

FÉICHIÚNAITHE

Díscribhtear drochfhiacha atá ar eolas agus déantar soláthar sonraithe d'aon méideanna a cheaptar go mbeadh a mbailiú amhrasach.

STOIC

